**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2023/2129(DEC)**

31.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2022: Buiséad ginearálta an Aontais - an Coimisiún (2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Katalin Cseh

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt aird ar an bhfíoras gurb í an bhliain iniúchóireachta reatha an bhliain inar sheol an Rúis a cogadh foghach iomlán i gcoinne na hÚcráine, a bhfuil a éifeachtaí domhanda tar éis cur go mór leis an mbrú ar go leor comhpháirtithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus leis an ngá atá le hinfheistíochtaí san fhorbairt inbhuanaithe agus sa chúnamh daonnúil; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur chuir solúbthacht na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI-GE) ar chumas an Aontais oiriúnú go tapa don tsraith urghnách imthosca; ag tathant, áfach, ar an gCoimisiún agus ar SEGS bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go n-úsáidfear cúlchiste na hIonstraime amach anseo níos mó mar a bhí beartaithe, ós rud é go raibh sí ídithe go han-tapa mar gheall ar a luathúsáid iomarcach agus gur úsáideadh í thar an bpríomhchuspóir atá aici freagairt do dhúshláin agus do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn; ag meabhrú sheasamh na Parlaiminte gur cheart tosaíochtaí nua a mhaoiniú le hacmhainní breise;

2. ag athdhearbhú a thiomantais do spriocanna ionstraim NDICI-GE eadhon deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an t-athrú aeráide a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia agus forbairt inbhuanaithe an duine a chur chun cinn; á mheabhrú go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) a mhéadú go 0.7 % den ollioncam náisiúnta faoi 2030, agus 20 % ar a laghad faoin Ionstraim á leithdháileadh ar chuimsiú sóisialta agus ar fhorbairt dhaonna, lena n-áirítear neamhionannais, comhionannas inscne, oideachas agus cumhachtú na mban;

3. á mheabhrú go bhfuil an smacht reachta, bunluachanna an Aontais Eorpaigh agus an urraim do chearta an duine i dtíortha is faighteoirí leabaithe i mbunghníomhartha IPA III agus NDICI-GE; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a mhodhnú i gcás ina bhfuil gá leis sin de dheasca bagairtí ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine nó ar shaoirsí bunúsacha;

4. á chur i bhfáth gur gá do CEFI+ tacú le hinfheistíochtaí chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cur chuige iomlánaíoch i leith shlándáil an duine; á iarraidh, dá réir sin, go ndéanfar Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne a chur chun feidhme go hiomlán, lena ndéanfar Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais agus an Plean Gníomhaíochta don Óige a oibríochtú sa ghníomhaíocht sheachtrach; ag cur béim ar an ngá le feabhas a chur ar iarrachtaí AE maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, á chur in iúl gur díol sásaimh di an t-athbhreithniú meántéarma ar Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas; ag tacú go láidir leis na conclúidí ón gComhairle an 4 Bealtaine 2023, maidir leis an éilliú mar bhac ar an bhforbairt;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún comharthaí soiléire a chur chuig na tíortha sin is iarrthóirí ina bhfuil frithfhreagairt i gcoinne chaighdeáin an smachta reachta - lena n-áirítear srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an phreasa, cearta na mban agus cearta mionlach, ciapadh ENRanna agus cosantóirí chearta an duine - ag cur a n-

aontachais le AE i mbaol nó ag cur moill leis; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcistí a chaitear chun feabhas a chur ar staid an smachta reachta sna tíortha aontachais agus tuarascáil a thabhairt do Choiste AFET agus do Choiste CONT;

6. ag tabhairt dá haire gur tugadh aghaidh, sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gclársceidealú lenar baineadh de thátal as go raibh sé ceaptha go cuimsitheach, agus go dtugadh aghaidh ann ar raon leathan de riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus de thosaíochtaí an Aontais; á thabhairt chun suntais na heasnaimh arna sainaitheant sna modheolaíochtaí a bhí in úsáid chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha agus i gcur ar bun an chreata faireacháin; á mholadh dá bhrí sin go ndéanfadh an Coimisiún agus SEGS feabhas a chur ar an modheolaíocht chun cistiú a leithdháileadh agus ar an measúnú ar an tionchar atá ag tacaíocht AE, go gcuirfidís fócas le raon feidhme an phróisis don chlársceidealú, go simpleoidís na táscairí sna cláir ilbhliantúla tháscacha agus go mbainfidís úsáid chomhleanúnach as na táscairí sin; á mholadh, faoi chuimsiú na meastóireachta meántéarmaí ar an Ionstraim, go ndéanfaí athbhreithniú ar an ainmníocht lena dtabharfaí isteach leibhéal níos airde mionsonraí maidir le trédhearcacht, intuarthacht, cuntasacht, grinnscrúdú, agus go gcuirfí feabhas ar acmhainneacht an údaráis bhuiséadaigh roghanna a dhéanamh lena léirítear tosaíochtaí polaitiúla; á chur in iúl gur oth léi an dá chur chuige éagsúla arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus ag SEGS laistigh den Ionstraim chun cistiú a leithdháileadh ar thíortha Comharsanachta agus tíortha nach tíortha Comharsanachta iad agus á iarraidh go mbeidís caighdeánaithe, inchomparáide agus trédhearcach chun an rian iniúchóireachta a éascú;

7. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé na spriocanna caiteachais agus cláir uile a leagtar amach san ionstraim NDICI-GE a bhaint amach agus á iarraidh go gcuirfí faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir leis an dul chun cinn a bhainfear amach; á chur in iúl gur oth léi na heasnaimh shuntasacha maidir le sprioc aeráide 30 % na hIonstraime a bhaint amach, maidir le rannchuidiú leis an sprioc bhithéagsúlachta 10 % sa CAI le haghaidh 2026 agus 2027 agus maidir lena áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais dhomhanda airgeadais AE faoi chreat na Náisiún Aontaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht leis an gCiste Caillteanais agus Damáiste; á thabhairt chun suntais an bhrú a chuirtear de réir a chéile ar tháirgeadh bia agus ar rochtain ar bhia mar thoradh ar an athrú aeráide, go háirithe i réigiúin leochaileacha, a mbíonn tionchar aige ar an tslándáil bia agus ar an gcothú; á mheabhrú go bhfuil an bhithéagsúlacht ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus go mbaineann caillteanas na bithéagsúlachta an bonn den dul chun cinn maidir le tuairim is 80 % de na spriocanna measúnaithe do na SDGanna; á iarraidh ar an gCoimisiún plean mionsonraithe ina leagfar amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe aige na spriocanna caiteachais agus inscne a bhaint amach faoi dheireadh CAI;

8. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún moltaí Thuarascáil Speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur chun feidhme chun tionchar éifeachtach chúnamh airgeadais AE a áirithiú chun tacú leis an smacht reachta sna Balcáin Thiar, go háirithe trí threoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le modhnú agus coinníollacht faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III;

9. á spreagadh go ndéanfaí an tSaoráid Eorpach Síochána a shlógadh tuilleadh mar

fhreagairt ar fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena dtugtar comhartha soiléir ar aistriú paraidíme do bheartas eachtrach agus slándála an Aontais; ag tabhairt dá haire go moltar sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go ndéanfaí uirlisí pleanála cosanta agus comhair an Aontais atá ann cheana a sheicheamhú chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach chun pleanáil do chistiú cosanta an Aontais a fhorbairt tuilleadh;

10. á chur in iúl gur geal léi Cód Cleachtais athbhreithnithe an Choimisiúin maidir le Bréagaisnéis, a glacadh in 2022; á iarraidh ar an Tascfhórsa bunaithe a thagann le chéile ar bhonn rialta faireachán agus oiriúnú a dhéanamh ar na gealltanais i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta, sochaíocha, margaidh agus reachtacha; á chur i bhfáth nach mór do AE cur le hinfheictheacht a chuid gníomhaíochtaí trína chuid gníomhaíochtaí seachtracha a chur in iúl ar bhealach níos fearr agus níos straitéisí dá shaoránaigh féin agus níos faide i gcéin;

11. á mholadh gur ghlac an Coimisiún an clár cúnaimh dar luach EUR 25 mhilliún ‘EU4Belarus: ag tacú le hathléimneacht shochaíoch agus forbairt caipitil dhaonna’ lena neartaítear a thuilleadh athléimneacht agus acmhainneacht mhuintir na Bealarúise athruithe daonlathacha a chur chun cinn sa Bhealarúis tráth na géarchéime polaitiúla;

12. á chur i bhfios go láidir nach mór leanúint de thacaíocht a sholáthar le buiséad an Aontais chun síocháin agus cobhsaíocht a chothú i réigiún an Mheánoirthir, fuath agus bunúsaíochas a chomhrac agus cearta an duine a chur chun cinn; ag fanacht leis an athbhreithniú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le húsáid chistí an Aontais; á chur i bhfios go láidir na hidirnaisc idir an chobhsaíocht agus an fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe i dtíortha agus i réigiúin leochaileacha;

13. ag tabhairt dá haire conclúid athbhreithniú inmheánach an Choimisiúin maidir le cistí an Aontais don Phalaistín, inar thángthas ar an gconclúid go n-oibríonn rialuithe an Choimisiúin agus na coimircí atá ann cheana go maith agus nár aimsíodh aon fhianaise gur atreoraíodh airgead chun críoch neamhbheartaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cistí AE a eisíoc go cuí leis an bPalaistín, go háirithe leis an tsochaí shibhialta Phalaistíneach, a bhfuil ról lárnach aici maidir le cearta an duine agus luachanna tuata a chur chun cinn, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne an radacaithe;

14. á chur i bhfios go láidir gur cheart buiséad AE a bhainistiú i gcomhréir leis na Conarthaí agus le *acquis* AE, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le cearta bunúsacha a chomhlíonadh, trédhearcacht agus cuntasacht i leith Pharlaimint na hEorpa agus shaoránaigh AE; á chur in iúl gur oth léi, i bhfianaise an mhéid sin, *modus operandi* an Choimisiúin agus línte buiséid na himirce seachtraí á mbainistiú aige, go háirithe an easpa measúnuithe tionchair ar chearta bunúsacha roimh thionscadail imirce i dtríú tíortha, easpa forléargais ar bhuiséid agus ar thionscadail atá ar fáil go poiblí agus diúltú córasach an Choimisiúin forléargais chaiteachais a bhaineann leis an imirce bhuiséadach a chur ar fáil don Pharlaimint de réir tíre agus doiciméadacht a bhaineann le MOCADEM, in ainneoin roinnt iarrataí foirmiúla agus gealltanas faoin gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún: ag tathant ar an gCoimisiún feabhas suntasach a chur ar na cleachtais sin le héifeacht láithreach, go háirithe trí mheasúnuithe tionchair ex ante ar chearta an duine a dhéanamh roimh thionscadail, trí fhorléargas poiblí a chruthú ar na tionscadail uile a

bhaineann le himirce i dtríú tíortha agus tríd an bParlaimint a chur ar comhchéim leis an gComhairle go córasach ó thaobh leibhéal na faisnéise a chuirtear ar fáil;

15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an t-oideachas agus a ríthábhachtaí atá sé gach léiriú den fhuathchaint agus de ghníomhaíochtaí foréigneacha ar an dá thaobh a cháineadh agus a dhíothú; á chur i bhfios go láidir nár cheart cistiú a chur ar fionraí go treallach nó gan fianaise thrédhearcach agus neamhspleách ar mhí-úsáid; ag moladh Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha (UNRWA) as a hiarrachtaí daonnúla fíor-riachtanacha in Gaza agus as an ról ríthábhachtach atá aici maidir le hoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus béim ar leith á leagan ar chultúr chearta an duine a chothú, fiú le linn tréimhsí dúshlánacha;

16. ag tathant ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcur chuige atá bunaithe ar choinníollacht an Smachta Reachta maidir le cistiú IPA III, chun go bhfónfaidh an ionstraim dá cuspóir tíortha aontachais a ullmhú go héifeachtach chun na coinníollacha maidir le bheith ina mBallstáit de chuid AE a chomhlíonadh, á mheas go bhfuil béim ar leith á leagan ar na coinníollacha a bhaineann leis an Smacht Reachta agus leis an daonlathas i ndáil leis sin;

17. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an straitéis Global Gateway lena bhféadfar rannchuidiú go suntasach le tionscnaimh maidir le nascacht, comhar glas agus digiteach agus gur gá é a dhíriú agus a struchtúrú go soiléir d'fhonn tionchar claochlaitheach a bhaint amach i dtíortha comhpháirtíochta agus luachanna uilíocha á gcur chun cinn agus acmhainní á n-úsáid ar an mbealach is fearr agus bealach is féidir; ag tacú go láidir le leas a bhaint as buiséad an Aontais Eorpaigh agus as rannpháirtíocht na hearnála príobháidí chun rannchuidiú le Clár Oibre 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún sásra cuntasachta soiléir agus trédhearcach a leagan síos chun an straitéis a chur chun feidhme agus réasúnaíocht shoiléir a léiriú maidir le maoiniú forbartha a úsáid le haghaidh na dtionscadal a bhrandáiltear faoin straitéis Global Gateway agus a tairbhí comhionanna d'earnálacha poiblí agus príobháideacha na dtíortha is faighteoirí;

18. ag aithint an iliomad ról atá ag Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta (ESSanna); ag meabhrú thiomantas an Aontais tacú le ESSanna i ngach ionstraim agus clár seachtrach agus i ngach réimse comhair, lena n-áirítear trí chur chuige solúbtha agus saincheaptha maidir le cistiú chun gach cineál ESSanna a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún ról níos córasaí a thabhairt do ESSanna sna Tionscnaimh Global Gateway agus Fhoireann na hEorpa;

19. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil ach méadú beag tagtha ar bhuiséad CBES do mhisin shibhialtacha CBSC ó chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 go dtí CAI 2021-2027 (ó thúsphointe de thart ar EUR 350 milliún in aghaidh na bliana), agus, ag an am céanna, go bhfuil méadú tagtha ar líon agus ar chúraimí na misean, go bhfuil níos mó dúshlán ag baint leis an timpeallacht slándála, go bhfuil méadú tagtha ar chostais na n-oibríochtaí, go bhfuil méadú tagtha ar an mboilsciú agus go bhfuil méadú tagtha ar líon na mball foirne atá ar conradh, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht sainorduithe na misean atá ann faoi láthair a leathnú nó, b'fhéidir, misin nua a bhunú mar fhreagairt ar riachtanais phráinneacha slándála; á iarraidh go ndéanfaí méadú suntasach ar an gcistiú le haghaidh bhuiséad CBES, agus úsáid éifeachtúil na gcistí a

leithdháiltear ar mhisin shibhialtacha CBSC á áirithiú ag an am céanna, chun a áirithiú go bhfreagróidh siad go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus d'imeachtaí gan choinne, agus chun cásanna ina bhféadfaí tionscadail agus cláir chomhlántacha a chistiú ó bhuiséid ábhartha eile de chuid an Aontais a shainaithint go gníomhach, rud a áiritheoidh bainistiú fónta airgeadais agus go dtabharfar tosaíocht go cúramach i leith na n-acmhainní atá ann cheana;

20. á iarraidh freisin go n-athrófaí struchtúr bhuiséad CBES agus go nginfí líne bhuiséid amháin in aghaidh gach misin shibhialtaigh CBSC, chun grinnscrúdú níos fearr agus trédhearcacht mhéadaithe a lamháil;

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur declares under her exclusive responsibility that she did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 23.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 2<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Krzysztof Brejza, Reinhard Bütikofer, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Jean-Lin Lacapelle, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Javier Nart, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Adam Bielan, Özlem Demirel, Christophe Grudler, Arba Kokalari, Georgios Kyrtsos, Katrin Langensiepen, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Juozas Olekas, Bert-Jan Ruissen, Christian Sagartz, Mick Wallace |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Theresa Bielowski |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan |
| NI | Márton Gyöngyösi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Krzysztof Brejza, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Arba Kokalari, Andrius Kubilius, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Christian Sagartz, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart |
| S&D | Attila Ara-Kovács, Maria Arena, Theresa Bielowski, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor |
| Verts/ALE | Reinhard Bütikofer, Katrin Langensiepen, Erik Marquardt, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Bert-Jan Ruissen, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch |
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani |
| The Left | Özlem Demirel, Giorgos Georgiou, Mick Wallace |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh